Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/252

20.1.2025

**Achomharc arna thabhairt an 20 Samhain 2024 ag NKO AO National Settlement Depository (NSD) i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Chéad Dlísheomra Méadaithe) a fógraíodh an 11 Meán Fómhair 2024 i gCás T-494/22, NSD v an Chomhairle**

**(Cás C-801/24 P)**

(C/2025/252)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Achomharcóir:* NKO AO National Settlement Depository (NSD) (ionadaithe: A. Genko agus É. Épron, avocats)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Comhairle an Aontais Eorpaigh agus An Coimisiún Eorpach

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar ceal;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/878 ([1]) ón gComhairle an 3 Meitheamh 2022 lena cuirtear i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus Cinneadh (CBES) 2022/883 ([2]) ón gComhairle an 3 Meitheamh 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, ina n-iomláine nó a mhéid a bhaineann siad leis an achomharcóir a chur ar neamhní;

— a ordú don Chomhairle costais na n-imeachtaí seo a íoc.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

I dtaca leis an achomhairc, maíonn an t-achomharcóir trí shaincheist dlí.

An chéad saincheist dlí lena n-éilítear earráid dlí de bharr neamhréiteach sa réasúnaíocht, as a dtagann bonn cirt neamhleor maidir leis an mainneachtain cúiseanna a lua. Go háirithe, leagtar béim ar chinntí frithráiteacha na Cúirte Ginearálta, mar gur aithin sí nach raibh faisnéis mhionsonraithe ann maidir le cathain agus conas a chabhraigh NSD le rialtas na Rúise, ach rinne sí cinneadh fós go raibh an réasúnaíocht leordhóthanach.

An dara saincheist dlí lena n-éilítear earráid dlí trí léiriú mícheart ar chritéar F den Rialachán. Tá an Breithiúnas atá faoi achomharc earráideach mar go mbraitheann sé ar léiriú bréagach ar chritéar F agus gur deonaíodhgléasanna maidir le cruthúnais trí bhotún don Chomhairle leis. De réir an léiriú ceart ar chritéar F, ní sholáthraíonn NSD tacaíocht ábhartha ná airgeadais don rialtas, agus dá bhrí sin tá an Chúirt in ann an beart atá faoi chonspóid a chur ar ceal.

An tríú saincheist dlí lena n-éilítear earráid dlí trína chinneadh gur chomhlíon na bearta sriantacha prionsabal na comhréireachta de chuid an Aontais. Rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus í ag cinneadh (i) gur chomhlíon na bearta sriantacha prionsabal na comhréireachta de chuid an Aontais agus (ii) nach bhfuil cás úsáideoirí NSD le cur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh den sórt sin.

---

([1]) IO 2022, L 153, lch. 15.

([2]) IO 2022, L 153, lch. 92.